# Ceisteanna Coitianta do Phríomhoidí Scoile, do Bhainisteoirí Fhoghlaim agus Cúraim na Luath-Óige (ELC) agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (SAC) nó dóibh siúd a bhfuil óstáil á déanamh acu ar ghníomhaíochtaí spórt/sóisialta do leanaí atá 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois, nó atá sa bhunscoil.

## 23/09/21

Is ann do na Ceisteanna Coitianta seo chun tacú le cur i bhfeidhm an chinnidh a d'fhógair an tAire Oideachais, ag teacht leis na moltaí ó NPHET; is é sin ón Luan an 27 Meán Fómhair ar aghaidh, nach mbeidh rianú teagmhálaithe i dtaca le dhlúth-theagmhálaithe nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu á dhéanamh a thuilleadh mar ghnáthchleachtas i gcás leanaí atá os cionn 3 mhí d'aois agus faoi bhun13 bliana d'aois, lena n-áirítear iad siúd atá ag freastal ar shuíomhanna oideachais bunscoile agus ELC/SAC. De réir na treorach nuashonraithe maidir le rianú teagmhálaithe Contact tracing under 13s.pdf (hpsc.ie) moltar anois:

- Gur cheart go ndéanfadh duine ar bith a bhfuil comharthaí de Covid-19 á léiriú aige/aici féin-aonrú sa bhaile láithreach agus teagmháil a dhéanamh lena d(h)ochtúir chun comhairle agus treoir a fháil, agus chun tástáil le haghaidh Covid-19 a shocrú más cuí.
- Ba cheart go rachadh gach leanbh i gcomhair vacsaíniú nuair atá sé/sí incháilithe chuige sin.
- Ní mholtar rianú teagmhálaithe uathoibríoch níos mó i gcás leanaí atá os cionn 3 mhí agus faoi bhun 13 bliana d'aois nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu ach a bhí mar dhlúth-theagmhálaithe ag cásanna lasmuigh de shuíomhanna teaghlaigh agus lasmuigh de shuíomhanna leochaileacha (e.g. Riachtanais Speisialta Oideachais (SENanna), faoiseamh/ cúram cónaithe).
- Tá deireadh á chur le tástáil ar dhlúth-theagmhálaithe **nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu** agus nach bhfuil sa teaghlach agus atá os cionn 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois agus táthar ag díriú ar ghalar atá ábhartha go cliniciúil. Aistreofar go dtí tástáil le haghaidh gníomh sláinte poiblí agus faireachais faoi mar a léirítear ar chúiseanna sláinte poiblí agus cliniciúla.

- As seo amach, ní gá do leanaí atá os cionn 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois, agus a aimsítear mar dhlúth-theagmhálaí i suíomhanna taobh amuigh den teaghlach agus nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu, srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí a thuilleadh mar ghnáthchleachtas, mura n-iarrann Measúnú Riosca Sláinte Poiblí orthu sin a dhéanamh. Tá feidhm aige sin beag beann ar an líon cásanna deimhnithe a aimsítear sna suíomhanna lasmuigh den teaghlach.
- Ba cheart go ndéanfaí measúnú riosca sláinte poiblí (PHRA) ar chásanna agus ar ráigeanna i suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais agus i gcúram faoisimh, agus d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach fós féin leanaí a aimsiú mar dhlúth-theagmhálaithe sna suíomhanna sin, iad a chur ar aghaidh le haghaidh tástála agus srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí. Go hiondúil, moltar do leanaí ar dlúth-theagmhálaithe iad sna suíomhanna sin, dul le haghaidh tástáil amháin (más féidir) agus má iarrtar orthu srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, is tréimhse cúig lá a bheidh i gceist.
- I gcás leanaí atá níos mó ná 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois, agus ar aimsíodh iad mar theagmhálaithe teaghlaigh nach bhfuil vacsaínithe go hiomlán, nó nach raibh ionfhabhtú deimhnithe de Covid-19 tolgtha acu le 9 mí anuas, beidh orthu sin srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí fós féin agus socróidh an clár um bainistiú teagmhálaithe (CMP) de chuid FSS tástáil dóibh.
- Tá an chomhairle sláinte poiblí ag fanacht mar an gcéanna, gur cheart do leanbh ar bith atá os cionn 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois agus a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici atá ag teacht le Covid-19 féin-aonrú láithreach, nár cheart dó/di freastal ar ionad cúraim leanaí ná ar scoil ná bualadh le daoine eile agus gur cheart dó/di an chomhairle sláinte poiblí reatha a leanúint. Féach anseo chun tuilleadh eolais a fháil.
- Tá sé tábhachtach cloí le dea-bhéasa riospráide, le dea-chleachtas maidir le sláinteachas lámh agus ina theannta sin cloí leis na bearta ginearálta maidir le sláinte poiblí agus leis an gcomhairle maidir le scaradh fisiciúil.
- Cinntigh, le do thoil, go bhfuil bearta oiriúnacha á nglacadh chun aerú a fheabhsú in áiseanna ina n-aithnítear go bhfuil an t-aerú easnamhach i ndiaidh measúnú riosca. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh aerú sásúil i spásanna faoi dhíon, trí aerú nádúrtha (i.e. fuinneoga agus doirse seachtracha a oscailt) nó trí bhealaí meicniúla (e.g. aonad lárnach aerchóirithe).

# Conas a rachaidh an méid atá thuas i gcion ar mo scoil/m'áis/mo ghrúpa?

Ciallaíonn sé sin má bhí cás ar bith de Covid-19 ag freastal ar d'áis nó ar do ghrúpa fad a bhí an cás sin ionfhabhtaíoch, nach rachaidh Sláinte Phoiblí i dteagmháil a thuilleadh agus nach ndéanfar Measúnú Riosca Sláinte Poiblí (PHRA) chun dlúth-theagmhálaithe a aimsiú mar ghnáthchleachtas.

Ina theannta sin, ciallaíonn sé nuair a chuirfear an t-athrú sin i bhfeidhm, nach mbeidh ar leanaí idir 3 mhí d'aois agus 13 bliana d'aois, ar leanaí iad a aimsíodh cheana féin mar dhlúth-theagmhálaí trí shuíomh taobh amuigh de shuíomh teaghlaigh agus de shuíomh SEN agus nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu, srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí a thuilleadh agus go bhféadfaidh siad filleadh ar scoil / chlubanna / áiseanna etc. Ní bheidh orthu teacht i láthair do thástáil ar bith a d'fhéadfadh a bheith eagraithe dóibh. I gcás leanaí a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe laistigh de shuíomh SEN, má léiríonn PHRA gur cheart srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, mairfidh an srian sin ar feadh 5 lá go hiondúil. (féach thíos). I gcás leanaí ar teagmhálaithe teaghlaigh iad, iarrfar orthu go fóill srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí agus cuirfear ar aghaidh le haghaidh tástáil Covid-19 iad, de réir na ngnáthphróiseas.

Táthar ag díriú anois ar a chinntiú nach bhfreastalóidh leanaí a bhfuil comharthaí nua atá ag teacht le Covid-19 á léiriú acu ar d'áiseanna, nó má aimsítear iad, go ndéanfar iad a aonrú agus a thógáil amach as an áis, go dtí go ndéanfar iad a bhreathnú sa bhaile agus go rachfar i dteagmháil lena ndochtúir. Cuirfidh dochtúir an linbh ar aghaidh é/í do thástáil Covid-19, nó eagróidh sé/sí aon tástáil eile a oireann do chomharthaí an linbh, de réir mar is gá.

# Cathain a chuirfear na hathruithe sin i bhfeidhm?

Cuirfear na hathruithe sin i bhfeidhm ar an Luan an 27 Meán Fómhair.

# Cén fáth a ndearnadh na hathruithe sin?

Rinneadh na hathruithe sin de bhrí:

1) Go bhfuil vacsaíní atá éifeachtach in aghaidh Covid-19 ar fáil anois agus go bhfuil clár vacsaínithe faoi lán seoil in Éirinn le haghaidh leanaí atá dhá bhliain déag d'aois agus níos sine. Cé go bhfuil gá fós le réamhchúramaí chun tabhairt isteach agus scaipeadh an víris a chosc, tá sé cruthaithe go laghdaíonn vacsaíní scaipeadh Covid-19 agus go laghdaíonn

siad an baol go mbuailfidh drochghalar daoine agus go gcaithfidh siad seal a chaitheamh san ospidéal.

2) Chomh maith le vacsaíniú, is é an príomhbhealach chun scaipeadh víreas SARS-CoV-2 a chosc ná sraith d'idirghabhálacha neamh-chógaisíochta (NPIanna) a fheidhmiú, amhail scaradh fisiciúil, clúdach aghaidhe a chaitheamh agus sláinteachas lámh a chleachtadh go minic. Tá tuiscint níos fearr ar an tábhacht a bhaineann le haerú a fheabhsú chun scaipeadh a laghdú, go háirithe i dtimpeallachtaí dúnta agus tá sé sin á fheidhmiú trí aerú nádúrtha (fuinneoga agus doirse seachtracha a oscailt) nó trí bhealaí meicniúla (e.g. aonad lárnach aerchóirithe). Seasann na moltaí sin go fóill agus ní mór iad a fheidhmiú i ngach suíomh.
3) Is pobail iad áiseanna sóisialta, spóirt, ELC/SAC agus oideachas a dhéanann soláthar ní hamháin do riachtanais chúraim agus oideachais leanaí ach do mhórán dá riachtanais iomlánaíocha, sláinte agus thréadacha. Laistigh de na suíomhanna sin, is féidir caidreamh sóisialta agus gníomhaíocht choirp a fhoghlaim agus is féidir leo tarlú in áit atá sábháilte, tacúil agus teolaí. Dá bhrí sin, níor cheart leanaí nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu a eisiamh anois mar ghnáthchleachtas i bhfianaise an tionchair atá ag an gclár náisiúnta vacsaínithe, an tuiscint leanúnach atá againn ar éifeachtacht NPIanna agus an tionchar atá ag ionfhabhtú ar leanaí agus scaipeadh galair idir leanaí agus idir leanaí agus daoine fásta. Chun tuilleadh eolais a fháil féach Contact tracing under 13s.pdf (hpsc.ie)

## An mbaineann an t-athrú seo ar an treoir le hearnáil na Riachtanas Speisialta Oideachais?

**Ní bhaineann** an t-athrú seo ar an treoir le scoileanna um riachtanais speisialta oideachais ná le ranganna sonracha SEN ná le leanaí atá ag freastal ar chúram faoisimh. Sna cúinsí sin **is maith an seans** go ndéanfar dlúth-theagmhálaithe i measc leanaí a aimsiú go fóill agus go n-iarrfar orthu srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, i ndiaidh Measúnú Riosca Sláinte Poiblí. Mar sin féin, ní iarrfar orthu go hiondúil ach srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ar feadh 5 lá agus cuirfear ar aghaidh iad le haghaidh tástáil amháin do Covid-19. Tá sé sin á dhéanamh chun cothromaíocht a aimsiú idir an tréimhse bhreathnóireachta le haghaidh comharthaí ionfhabhtaithe i gcás leanaí agus tástáil ag an am is oiriúnaí, agus ag an am céanna gan fad a chur le srian ar ghluaiseachtaí agus an dochar a dhéanann na srianta sin do leanaí.

## An mbaineann an t-athrú seo ar an treoir le leanaí ar dlúth-theagmhálaithe teaghlaigh iad?

Ní bhaineann an treoir seo le leanaí atá ina gcónaí sa teaghlach céanna le cás de Covid-19. Maidir le leanaí nach bhfuil vacsaínithe, agus nár deimhníodh roimhe seo go raibh siad ionfhabhtaithe le Covid-19, i gcásanna den sórt sin déanfar iadsan a aithint mar dhlúth-theagmhálaithe agus iarrfar orthu srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ag teacht leis an treoir náisiúnta.

** Anois, cuimseoidh an sainmhíniú ar theagmhálaí teaghlaigh leanbh atá faoi bhun 13 bliana d'aois, a bhí i láthair thar oíche i dteach nó i ndlúth-theagmháil i suíomh cónaithe le cás le linn don chás a bheith ionfhabhtaíoch i.e., déanfar leanbh ar bith a bhí 'ag codladh thar oíche' nuair a bhí duine sa teach ionfhabhtaíoch le Covid-19 a ainmniú mar dhlúth-theagmhálaí agus beidh air/uirthi srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí agus tástáil a fháil.*

## An ndéanfar aon dlúth-theagmhálaithe a aimsiú ó chás de Covid-19 i leanbh atá idir 3 mhí agus 13 bliana d'aois, nó i mbunscoil?

Déanfar. Déanfar dlúth-theagmhálaithe an cháis i leanbh atá idir na haoiseanna sin a aimsiú tríd an gclár um bainistiú teagmhálaithe de chuid FSS**. Ní aimseoidh siad ach amháin iad siúd laistigh de shuíomhanna teaghlaigh** mar dhlúth-theagmhálaithe, lena n-áirítear leanaí, mar go bhfuil an scaipeadh níos airde i suíomhanna teaghlaigh. San áireamh ansin beidh leanaí a bhí ag fanacht sa teach thar oíche mar chuid de chodladh thar oíche nó a leithéid sin. Iarrfar ar leanaí atá i gcás mar sin srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí agus déanfar iad a thástáil le haghaidh Covid-19 ag teacht leis an treoir náisiúnta.

## Cad ba cheart dom a dhéanamh má tá a fhios agam go bhfuair duine i mo scoil / m'áis / mo chlub toradh tástála a bhí deimhneach do Covid-19?

Má tá a fhios agat go bhfuair duine atá idir 3 mhí d'aois agus 13 bliana d'aois, nó leanbh atá ag freastal ar an mbunscoil toradh tástála le déanaí a bhí deimhneach do Covid-19, ní gá duit anois aon bhearta ar leith a dhéanamh, maidir leis an gcás a phlé le FSS / Sláinte Phoiblí.

Ba cheart duit a chinntiú, mar a dhéanann tú i gcónaí,

1) Go bhfuil tú airdeallach maidir le duine ar bith a bhfuil comharthaí nua á léiriú aige/aici nó nach bhfuil ar fónamh laistigh de d'áis agus comharthaí Covid-19 á léiriú aige/aici agus go ndéanfaidh tú iad a aonrú mar is gnách nó go bhféadfaidh tuismitheoir é/í a bhailiú go sábháilte.
2) Go bhfuil na bearta go léir a mholtar duit i bhfeidhm maidir le hionfhabhtú a chosc, a rialú agus a mhaolú e.g. faighneoga, scaradh fisiciúil nuair is cuí, clúdaigh aghaidhe a úsáid nuair is gá, aerú, sláinteachas lámh, béasa riospráide a spreagadh etc.
3) Go bhfuil an treoir Sláinte Poiblí ar leith a bhaineann le do scoil, d'ais, nó le do ghníomhaíocht maidir le e.g. amhránaíocht, ceol etc á leanúint agat

## Má tá a fhios agam go bhfuair duine toradh tástála a bhí deimhneach do Covid-19, ar cheart dom é sin a chur in iúl do thuismitheoirí an ranga / na Scoile / an Ghrúpa?

Ó thaobh Sláinte Poiblí de, níl aon riachtanas cliniciúil ann an t-eolas sin a roinnt le teagmhálaithe cásanna, mar sin, ní mholann Sláinte Phoiblí go gcuirfeá in iúl do thuismitheoirí leanaí eile go raibh cás de Covid-19 laistigh de do rang / d'áis / do ghrúpa. Dá bhrí sin, níl sonraí sláinte á roinnt mar thoradh ar chomhairle ó Shláinte Phoiblí agus faoi na Rialacháin um Ghalair Thógálacha mar a bhí go dtí seo. Tá sé tábhachtach i gcónaí go mbeadh a fhios ag teaghlaigh gur gá a chinntiú nach gcuireann siad leanaí chuig áiseanna/gníomhaíochtaí má tá comharthaí nua á léiriú acu, ar comharthaí iad atá ag teacht le Covid-19, agus sna cúinsí sin gur cheart dóibh a leanbh a bhreathnú agus teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir de réir mar is cuí. Tá sé tábhachtach freisin béim a leagan go rialta ar an tairbhe a bhaineann gach duine as cloí leis na bearta atá i bhfeidhm laistigh de d'áis chun ionfhabhtú a chosc, a rialú agus a mhaolú.

Tugaimid faoi deara gur minic a roinneann grúpaí áirithe eolas (WhatsApp etc) agus meabhraímid cé chomh tábhachtach agus atá sé nach ndéanfadh daoine eile rúndacht duine a sceitheadh, ag teacht le gnáthcheanglais RGCS. Tá sé tábhachtach freisin nach mothódh leanaí ná teaghlaigh go bhfuiltear ag díriú orthu ná go bhfuil brú á chur orthu eolas a thabhairt.

# An bhfanfaidh líne FSS do Phríomhoidí agus líne na nÁiseanna Cúraim Leanaí (CCF) ar oscailt?

Ar feadh idirthréimhse ghearr ó PHRA agus rianú teagmhálaithe mar ghnáthchleachtas, go dtí an chéim nua seo a bhfuiltear ag tabhairt fúithi sa tír, ina mbeidh níos lú den rianú teagmhálaithe á dhéanamh ar dhaoine nach bhfuil aon chomhartha á léiriú acu mar ghnáthchleachtas, beidh na línte sin ar fáil go fóill maidir le cásanna deimhnithe de Covid-19. Mar sin féin, ní dhéanfar PHRA ach amháin do Phríomhoidí scoileanna SEN nó d'áis ina bhfuil rang SEN. Is é an t-eolas cineálach, de réir an eolais atá ar fáil do phríomhoidí agus laistigh den doiciméad Ceisteanna Coitianta seo, an t-eolas atá á sholáthar do gach suíomh eile.

## Meabhrúchán maidir le príomheolas tábhachtach:

## Vacsaíniú:

**C. Cé hiad siúd a moltar dóibh vacsaíní Covid-19 a fháil?**

**F**. Cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh moltaí maidir le vacsaíní os comhair na Roinne Sláinte. Faoi láthair, tá gach duine os cionn dhá bhliain déag d'aois incháilithe agus moltar dóibh vacsaín Covid-19 a fháil. Tá tuilleadh eolais faoi mholtaí náisiúnta i dtaca le vacsaíniú Covid-19 ar fáil ag https://www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/covid-19-vaccine/

**C. Cad a tharlóidh má aithnítear duine mar dhlúth-theagmhálaí ach go bhfuil an duine sin vacsaínithe go hiomlán? (Bainfidh sé sin le foireann i suíomhanna)**

**F.** Faoi láthair, is í an treoir náisiúnta ná nach gá do dhuine atá vacsaínithe go hiomlán srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí ná gnáth-thástáil a dhéanamh do Coivid-19, fad is nach bhfuil aon chomharthaí Covid-19 á léiriú aige/aici. Má tá a fhios ag an duine go bhfuil sé/sí vacsaínithe go hiomlán, ní bheidh air/uirthi srian a chur lena a c(h)uid gluaiseachtaí agus é/í ag feitheamh ar theagmháil le FSS, fad agus nach bhfuil aon chomharthaí de Covid-19 á léiriú aige/aici.

**C. An bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag Príomhoidí / Bainisteoirí/ soláthraithe ghníomhaíochtaí Spóirt / Sóisialta cé hiad siúd atá vacsaínithe i measc na ndaoine atá ag freastal ar na háiseanna?**

**F.** Níltear. Is eolas príobháideach maidir le sláinte é sin agus faigheann FSS an t-eolas sin de réir mar is gá agus coinníonn sí faoi rún é.

## Ionfhabhtú deimhnithe de Covid-19 tolgtha roimhe seo

Ní bheidh orthu siúd a raibh ionfhabhtú deimhnithe de Covid tolgtha acu roimhe seo le 9 mí anuas srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ná dul le haghaidh tástála, fad agus nach bhfuil aon chomharthaí de Covid-19 á léiriú acu. Bainfidh sé sin le leanaí a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe laistigh de shuíomh teaghlaigh, nó i ndiaidh PHRA d'áis ar leith e.g. scoil nó rang SEN.

## An gá do leanaí / bhaill foirne nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí má tá comharthaí Covid-19 á léiriú ag duine sa teach agus an duine sin ag feitheamh ar thástáil nó ar thoradh?

Is gá, **mura bhfuil** siad vacsaínithe go hiomlán nó mura bhfuil ionfhabhtú deimhnithe de Covid-19 tolgtha acu le 9 mí anuas.

## Faighneoga:

**C. An gá 'faighneoga' a eagrú agus a fheidhmiú go fóill?**

**F.** Is gá. D'iarramar go mbeadh leanaí i bhfaighneoga ar aon dul leis an mbliain seo caite agus go mbeadh na faighneoga sin i bhfeidhm taobh istigh a oiread agus is féidir. Tá sé sin á dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an líon daoine (leanaí agus daoine fásta) atá i ndlúth-theagmháil le cás de Covid-19 chomh teoranta agus is féidir, agus dá bhrí sin go ndéanfar an baol do dhaoine eile a laghdú chomh mór agus is féidir (cé go bhfuil an baol laistigh de shuíomh ranga íseal). I mbliana, d'iarramar go suífeadh dlúthchairde le chéile mar léiriú ar an treoir náisiúnta nach bhfuil daoine chomh srianta maidir le gníomhaíochtaí agus socruithe súgartha taobh amuigh den scoil agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go dtarlóidh sé sin le go bhféadfar líon na ndlúth-theagmhálaithe agus líon na ndaoine atá i mbaol go scaipfeadh an víreas ina measc a choinneáil chomh híseal agus is féidir taobh istigh den phobal.

# Tástáil dlúth-theagmhálaithe:

**C. Má aimsítear leanbh nó duine fásta mar dhlúth-theagmhálaí laistigh de d’áis / do scoil / do ghrúpa – an bhfuil athrú tagtha ar an tréimhse ina gcaithfidh dalta/scoláire nó ball foirne a meastar gur “dlúth-theagmhálaí” é/í agus nach bhfuil vacsaínithe go hiomlán srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí?**

**F.** I gcás leanaí agus daoine fásta nach bhfuil vacsaínithe agus ar teagmhálaithe teaghlaigh iad, agus nach bhfuil ionfhabhtú deimhnithe de Covid-19 tolgtha acu le déanaí (le 9 mí anuas), beidh orthu siúd srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí go fóill ar feadh 14 lá agus cuirfidh FSS ar aghaidh iad do dhá thástáil saor in aisce le haghaidh Covid-19. Is féidir deireadh a chur le gluaiseachtaí srianta tar éis deich lá le toradh Neamhbhraite agus mura bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu.

Mar sin féin, i gcás leanaí a aimníodh mar dhlúth-theagmhálaithe i ndiaidh PHRA i suíomh ar leith amhail scoil nó rang SEN, is iondúil go n-iarrfar ar na leanaí sin srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ar feadh 5 lá agus cuirfear ar aghaidh i gcomhair tástáil amháin iad. Tá sé sin á dhéanamh chun cothromaíocht a aimsiú idir an tréimhse bhreathnóireachta le haghaidh comharthaí ionfhabhtaithe i gcás leanaí agus tástáil ag an am is oiriúnaí, agus ag an am céanna gan fad a chur le srian ar ghluaiseachtaí agus leis an dochar a dhéanann na srianta do leanaí agus an cúlú a d’fhéadfadh a bheith ag baint le heisiamh, i gcás leanaí a bhfuil na riachtanais is mó acu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, sna míonna ó tharla paindéim Covid-19, go bhfuil sé

faighte amach againn:

- Gur cosúil, i gcás leanaí, gur mó an seans nach mbeidh chomharthaí á léiriú acu nó go mbeidh galar éadrom orthu ná i gcás daoine fásta. Féach anseo chun eolas a fháil maidir le comharthaí
- Go dtugann iniúchadh ar chásanna a aimsíodh i scoileanna le tuiscint nach bhfuil scaipeadh ó leanbh go leanbh coitianta i scoileanna agus nach é sin an phríomhchúis atá le hionfhabhtú Sars-CoV-2 i leanaí, go háirithe i suíomhanna oideachais réamhscoile agus bunscoile.
- Gurb annamh a aimsítear leanaí mar an bealach ina scaiptear an galar chuig suíomh teaghlaigh
- Nach bhfuil an baol go scaipfidh leanaí ionfhabhtú chuig daoine eile níos mó ná an baol go scaipfidh daoine fásta é.